Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Iúil 2023
(OR. en)

10818/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0070(NLE)**

UK 129

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Chomhphobail i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile |

**RIALACHÁN (Euratom) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Chomhphobail i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 7, Airteagal 47, pointe (b) den cheathrú mír, agus Airteagal 48 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Nollaig 2020 thug an Coimisiún i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal'), an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Cuireadh an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, cumhdaítear ábhair a thagann faoi inniúlachtaí an Chomhphobail, eadhon an comhlachas le clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail agus leis an gComhghnóthas Eorpach um Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt arna rialú le Cuid a Cúig den Chomhaontú Trádála agus Comhair (Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, bainistíocht fhónta airgeadais agus forálacha airgeadais).

(2) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, déantar foráil go bhféadfaidh na Páirtithe bearta aontaobhacha a ghlacadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe faoin gComhaontú sin a chur ar fionraí, sna cásanna sonracha agus faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos ann. A mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), féadfaidh an Comhphobal bearta aontaobhacha a ghlacadh sna cásanna agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 718 agus 719 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Baineann na bearta aontaobhacha sin le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais a chur ar fionraí go páirteach nó go hiomlán, mar aon lena rannpháirtíocht iontu a fhoirceannadh go páirteach nó go hiomlán.

---

[1] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(3) Má bhíonn gá lena leasanna i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a chosaint, ba cheart don Chomhphobal a bheith in ann úsáid iomchuí a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil dó go tapa agus ar bhealach comhréireach, éifeachtach agus solúbtha, agus na Ballstáit á rannpháirtiú go hiomlán. Dá bhrí sin, is gá rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos lena rialaítear glacadh beart aontaobhach mar chuid d'fheidhmiú chearta an Chomhphobail faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

(4) Ba cheart bearta aontaobhacha a bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun a gcuspóir a bhaint amach, ag féachaint don damáiste iarbhír nó don damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh do leasanna an Chomhphobail de dheasca an cháis atá i gceist. Ba cheart dóibh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 718 agus 719 den Chomhaontú Trádála agus Comhair a chomhlíonadh.

(5) Ba cheart tús áite a bheith ag na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo ar aon fhoráil i ndlí an Chomhphobail lena rialaítear an t-ábhar céanna.

(6) Chun a áirithiú go mbeidh an Rialachán seo oiriúnach dá fheidhm i gcónaí, ba cheart don Choimisiún, laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin, tabhairt faoi athbhreithniú ar a raon feidhme agus ar a chur chun feidhme agus torthaí an athbhreithnithe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart tograí reachtacha ábhartha a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú sin, i gcás inarb iomchuí.

(7) Tá an nós imeachta chun bearta uathrialacha a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] de bhun an Rialacháin seo gan dochar dá cuid feidhmeanna ceaptha beartais, comhordaithe agus cinnteoireachta a bheith á bhfeidhmiú ag an gComhairle go buan agus go leanúnach, feidhmeanna a thugtar leis na Conarthaí a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(8) Chun éifeacht a thabhairt do na cumhachtaí a leagtar síos in Airteagal 16(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 101 de Chonradh Euratom, léirítear i gCinntí (AE) 2020/135[1] agus (AE) 2021/689[2] ón gComhairle an chinnteoireacht inmheánach maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann a cuid feidhmeanna ceaptha beartais, comhordaithe agus cinnteoireachta a fheidhmiú go hiomlán i ndáil leis sin, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas go leanúnach ar bhonn buan agus rialta faoi chur chun feidhme na gComhaontuithe sin, lena n-áirítear na deacrachtaí uile a d'fhéadfadh teacht chun cinn, go háirithe sáruithe ar na Comhaontuithe sin a d'fhéadfadh a bheith ann agus cásanna eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le bearta arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo. I ndáil leis sin, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas go hiomchuí agus go tráthúil maidir leis na freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don Chomhphobal chun cur chun feidhme iomlán agus cuí na gComhaontuithe sin a áirithiú, chomh maith le hobair leantach maidir le haon bhearta a rinneadh.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

[2] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

(9) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus go háirithe chun feidhmiú tapa éifeachtach solúbtha chearta comhfhreagracha an Chomhphobail faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún bearta aontaobhacha a ghlacadh agus éifeacht a thabhairt do na bearta sin de réir mar is iomchuí i ndlíchóras inmheánach an Chomhphobail. Ba cheart a chuimsiú faoi na cumhachtaí sin freisin na bearta a ghlactar a mhodhnú, a chur ar fionraí nó a aisghairm. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ós rud é go bhfuil glacadh gníomhartha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu i gceist leis na bearta atá beartaithe, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh ghlacadh na mbeart sin. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne chun leasanna an Chomhphobail a chosaint go hiomchuí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta chun feidhmiú éifeachtach tráthúil chearta an Chomhphobail a áirithiú agus an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') á chur chun feidhme.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na bearta seo a leanas arna nglacadh ag an gComhphobal i gcomhréir le hAirteagail 718 agus 719 den Chomhaontú Comhair agus Trádála:

   (a) cur i bhfeidhm Phrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chur ar fionraí, i ndáil le ceann amháin nó níos mó de chláir nó de ghníomhaíochtaí an Chomhphobail, nó codanna díobh;

   (b) cur i bhfeidhm Phrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a fhoirceannadh, i ndáil le ceann amháin nó níos mó de chláir nó de ghníomhaíochtaí an Chomhphobail, nó, codanna díobh.

*Airteagal 2*

*Feidhmiú chearta an Chomhphobail*

1. D'ainneoin aon fhoráil i ndlí an Chomhphobail a ghlactar de bhun Airteagail 7, 47 agus 48 de Chonradh Euratom, tabharfar de chumhacht don Choimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo a ghlacadh, agus éifeacht a thabhairt do na bearta sin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

2. Beidh bearta a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú agus éifeachtach maidir le cothromaíocht a choinneáil idir cearta agus oibleagáidí ar bhonn leo rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais mar a fhoráiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair. Comhlíonfaidh siad na critéir shonracha arna mbunú sa Chomhaontú sin.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), a leasú, a chur ar fionraí nó a aisghairm, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. I gcás inarb iomchuí, sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin fad na fionraí.

4. I gcás ina mbeidh ábhar imní ar leith ann do Bhallstát amháin nó níos mó, féadfaidh an Ballstát sin nó na Ballstáit sin a iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa chlár nó sna chláir Chomhphobail lena mbaineann a chur ar fionraí i gcomhréir le mír 1. Mura dtabharfaidh an Coimisiún freagairt dhearfach ar iarraidh den sórt sin, ba cheart dó na cúiseanna atá aige a chur in iúl don Chomhairle go tráthúil.

5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(2).

6. Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3).

*Airteagal 3*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh Coiste na Ríochta Aontaithe cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 4*

*Athbhreithniú*

Faoin ...[+], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh na tograí reachtacha ábhartha, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 5*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in
*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, an dáta cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.